


‘Déanann an trádáil i ndaoine an dínit a thug Dia dár deartháireacha agus deirfiúracha a shárú, agus is fíor-choir in aghaidh an chine daonna é.’

AN PÁPA PROINSIAS

SAMHAIN 2016



7 Deireadh Fómhair 2018
LÁ don BHEATHA



Guímis ar son daoine gur íospartaigh gáinneála iad, go bhféadfaí cuidiú leo a saol a athbhunú tar éis na n-eachtraí thrámacha a bhí acu.

ÁIMÉAN



‘Daia* is ainm dom. Is ó bhaile beag mé i Stáit Edo, san Nigéir. Bhí mo theaghlach an-bhocht agus le fada an lá bhí “saol níos fearr” á lorg agam.’

‘Nuair a bhí mé ocht mbliana déag d’aois bhuaile mé le Victor*, ó Lagos, agus thit mé i ngrá leis. Chuaigh a éadaí breátha agus a mhúinín i gcionn go mór orm. Mhol Victor go rachaimid go Londain le chéile - dúirt sé go raibh cairde aige ann agus post le fáil agam, ag glanadh i salón gruaige. Bhí mé an-sásta. Thaistil Victor ar aghaidh agus bhí orm é a leanúint.’

‘Tar éis aistear fada tháinig mé go Baile Átha Cliath. Níor chuala mé trácht ar an áit seo riamh ach chreid mé gur áit eile ar mo bhealach go Londain a bhí ann. Shochraigh Victor go mbuailfeadh duine éigin liom. Thóg an fear seo mé ina charr. Ach ní dheacamar go Victor, nó go dtí an salón gruaige, nó go Londain. Thóg sé chuig drúthlann mé. Tá mé anseo ó shin i leith.’

* Scéal fíor é seo. Athraíodh ainmneacha chun féiniúlachtaí a chosaint.

GÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS SCLÁBHAÍOCHT NUA-AIMSEARHA

Insíonn Íosa dúinn, ‘Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu, agus go mbeadh sí acu go fial.’ (Eoin 10:10).

Ach tá go leor daoine ann nach mbíonn an bheatha go fial acu. Táthar tar éis gáinneáil a dhéanamh orthu agus tá siad faoi sclábháíocht nua-aimseartha a dhéanann ionsaí ar dhínit an duine. Ní tráchtearraí iad daoine, ar féidir iad a thrádáil go neamhthrócaireach, le haghaidh brabúis choiriúil.

Cinnte, tá a leithéid ag tarlú i bpobail ar fud na tíre, ní hamháin inár gcathracha móra. Ní hamháin go bhfuil sé ag tarlú i ndrúthlanna agus i mbeáir ingne, ach ar fheirmeacha, láithreáin tógála agus i monarchana chomh maith. Agus ní fadhb í seo a bhaineann leis na pobail inimirceacha amháin, ach tá tionchar aici ar ár saoránaigh freisin.

Fadhb atá ag fás atá sa gháinneáil agus measann na NA go bhfuil os cionn daichead milliún duine faoi sclábháíocht ar fud an domhain. In Éirinn gach bliain tá líon na n-íospartach gáinneála thart ar an chéad. Déantar gáinneáil ar dhaoine Éireannacha isteach sa

Ríocht Aontaithe freisin, áit a mheastar go bhfuil líon iomlán na n-íospartach gach bliain níos mó ná trí mhíle déag ó gach tír.

Déanann coirpigh dúshaothrú as daoine atá leochaileach agus éadóchasach. Is féidir linn gníomhú le chéile chun deireadh a chur le seo. Coir atá inti agus í i bhfolach go soiléir. Tá sé deacair inscrúdú a dhéanamh uirthi, agus tá cabhair ag teastáil ó na gardaí uainn chun stop a chur leis na gáinneálaithe agus chun na híospartaigh a tharrtháil agus a thacú.

CONAS IS FÉIDIR LINN CABHRÚ?

Is féidir leis an bpobal Caitliceach difríocht a dhéanamh chun an fhadhb seo a réiteach - chun cuidiú le híospartaigh saoirse a bhaint amach agus beatha fial a bheith acu. Tá go leor eagraíochtaí ag obair chun stop a chur le gáinneáil ar dhaoine agus le sclábháíocht nua-aimseartha. Oibríonn ceann de na heagraíochtaí seo, an grúpa Santa Marta, go hidirnáisiúnta chun an Eaglais Chaitliceach agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a thabhairt le chéile chun deireadh a chur leis an sclábháíocht. Chun níos mó a léamh faoi seo tabhair cuairt ar www.santamartagroup.com. Is féidir le deoise nó le pobal Eaglais áitiúil fíor-athrú a dhéanamh ar dhaoine a ndearnadh trácht orthu.

Déantar Lá don Bheatha a cheiliúradh gach bliain ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn, in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Lá ann atá tiomanta d’ardú feasachta faoin bhrí agus faoi luach bheatha an duine ag gach céim agus i ngach ríocht. Molaimid duit do thuiscint ar Theagasc Sóisialta Chaitliceach ar an gceist thábhachtach seo a dhoimhniú trí iniúchadh a dhéanamh ar an ábhar a chuirimid ar fáil ar www.chooselife2018.ie/Day4Life/.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Ruhama as a thacaíocht agus an teachtaireacht tréadach seo a ullmhú againn maidir le gáinneáil ar dhaoine. Tá Ruhama páirteach in ahbcóideacht agus cabhraíonn sé le mná a chuaigh striapachas agus gáinneáil i bhfeidhm orthu. Féach www.ruhama.ie.

